

# ☘ An Lúibín ☘

12 Bealtaine 2015

## An Ghaeilge: moltaí agus feidhmiú

Más fíor go bhfuil tionchar ag staid na Gaeilge in Éirinn ar staid na Gaeilge i dtíortha eile (agus tá), is cóir dúinn súil a choinneáil ar Bhille na dTeangacha Oigiúla 2014, Bille a bhfuil sé d'aidhm aige Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a fheabhsú. Tá Conradh na Gaeilge ullamh chun troda i gcónaí sna cúrsaí seo agus roinnt moltaí dá chuid féin foilsithe aige:

\* Dualgas reachtúil a chur ar chomhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge sa Ghaeltacht. Ba cheart freisin áitiú ar dhaoine ar fud na tíre gur fiú seirbhísí dá leithéid a chur ar fáil. Ba chóir mar sin líon áirithe daoine a bheith i ngach comhlacht poiblí a bheadh i gcumas seirbhís a thabhairt i nGaeilge.

\* Fáil réidh leis na scéimeanna teanga atá ann anois toisc iad a bheith gan éifeacht agus córas nua a chur ina n-áit de réir rialacháin reachtúla.

\* Monatóireacht a bheith á déanamh ag Oifig an Choimisinéara Teanga ar fheidhmiú na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.

Tá sé ráite ag Julian de Spáinn, Uachtarán an Chonartha, gur míthid dlús a chur le scoileanna lán-Ghaeilge nua a bhunú (agus an t-éileamh i bhfad níos mó ná an riar i gcúrsaí gaelscolaíochta). Tá súil aige go gcuirfeadh sainchuraclam ar bun faoi dheireadh do dhaltaí ar cainteoirí dúchais iad (rud a moladh nócha bliain ó shin). D'fhéadfaí caighdeán na Gaeilge sna scoileanna lán-Bhéarla a fheabhsú trí ligean do mhúinteoirí faoi oiliúint breis ama a chaitheamh sa Ghaeltacht chun líofacht a bhaint amach.

Tá roinnt buntuirimí fágtha gan scrúdú anseo. Ní féidir talamh slán dhéanamh de go mbeidh toradh ar an Straitéis 20 Bliain. Admhaítear go forleathan go bhfuil an teanga an-lag sa Ghaeltacht agus gan ach beagáinín páistí á dtógáil le Gaeilge ann. Ba cheart curaclam do chainteoirí dúchais a chur i bhfeidhm tríocha bliain ó shin; agus is minic gur fearr le cainteoirí líofa sa Ghaeltacht Béarla a labhairt le Gaeilgeoirí leathlíofa.

Mar sin féin, tá dul chun cinn déanta. Tá Gaeilge le fáil anois i sainréimsí na haoise seo, agus is é an tionscadal is fearr a thugann léargas air sin Fiontar, clár in Ollscoil Bhaile Átha Cliath a mhúineann airgeadas, ríomhaireacht agus fiontraíocht trí Ghaeilge. Tá ranganna tríú leibhéal eile ann i gcoláistí eile a mhúintear trí Ghaeilge, agus ní as na scoileanna lán-Ghaeilge ach a mhalairt a fáisceadh cuid mhaith de na mic léinn.

Sna Stáit tá scéim malartú múinteoirí Gaeilge ar siúl ag Coimisiún Fullbright: faigheann na Stáit deich múinteoir gach bliain dá réir agus tá baint ag an scéim le neart eagraíochtaí pobail. Tá éagsúlacht ag baint leis na daoine a bhfuil suim acu sa teanga thall. Foghlaimíonn an tríú cuid acu Gaeilge ar chúiseanna cultúrtha, más fíor, agus tá dream eile ann a thugann fúithi toisc go bhfuil siad faoi dhraíocht ag teangacha; agus tá grúpa nua ann, iarrthóirí PhD arb áil leo foinsí a léamh sa bhunteanga nó atá ina scoláirí antrapeolaíochta agus eitneolaíochta.<sup>1</sup>

Ní mór an líon atá i gceist anseo: sa bhliain acadúil 2013-14 ní raibh ach timpeall 1,200 mac léinn ag foghlaim Gaeilge de bharr scéim Fullbright. Níl na táinte le fáil á foghlaim san Astráil ná in Éirinn féin ag an leibhéal sin ach oiread. Ach tá buntáistí cultúrtha, sóisialta agus geilleagracha ag siúl leis an gcineál sin oiliúna in Éirinn nó fiú i Meiriceá Thuaidh maidir le poist, le deiseanna taighde agus eile.

<sup>1</sup> Arminta Wallace, 'The mini-revival of the Irish language,' *Irish Times* 27/4/2015: <http://www.irishtimes.com/news/education/the-mini-revival-of-the-irish-language-1.2186677>

Is minic a deirtear gur scothaicme atá á cruthú dá bharr, in Éirinn ar aon chuma: mionlach dátheangach oilte i mórfhobal aonteangach. Níl an tuairim sin gan bhunús; ach pléimis amach anseo í.



### An Ghaeilge i gCeanada (1)

Thug na hÉireannaigh a dteanga, a nósanna agus a leagan féin den Chaitliceachas leo chun Ceanada chomh luath leis an 17ú haois. Sa 19ú haois a tháinig an rabharta, agus áitítear go mb'fhéidir go raibh dhá chéad míle Éireannach ag labhairt Gaeilge i gCeanada ag an am. Minic go leor bhí an teanga ag a gclann. In áiteanna áirithe mhair an Ghaeilge anuas go dtí an chéad chuid den 20ú haois.

Bhuail cainteoirí Gaeilge le lucht labhartha Fraincise in Montréal agus in áiteanna eile, rud a chiallaigh nach le Béarla a chuaigh siad i gcónaí nuair a thréig siad an Ghaeilge. Bhíodh coimhlint idir an dá dhream. I dtús an 19ú haois in Ontario (áit atá breac le Gaeilgeoirí anois) bhí an chléir Éireannach ag iarraidh bacadh ar lucht na Fraincise a gcuid scoileanna féin a chur ar bun. Ach sheas lucht na Fraincise an fód agus bhí ar na hÉireannaigh géilleadh.

D'imigh na cainteoirí dúchais ach bhí suim ag teacht ag a sliocht sa teanga agus cuid acu ag iarraidh í a chur á labhairt arís. An chuid is mó de na heagraíochtaí Gaeilge atá anois ann, áfach, ní raibh siad ann daichead bliain ó shin. An athbheochan atá ar siúl anois in Ontario thosaigh sí sna 1980í in Toronto. Tá gréasán Gaeilgeoirí ann anois ina lán cathracha, fiú in Montréal, agus tumócáidí ar bun acu. Tá deirí seachtaine Gaeilge ar siúl ag a lán grúpaí ina lán áiteanna. Ar na grúpaí úd tá Cumann na Gaeltachta (Bolton) agus Comhrá (Montréal), dhá dhream a bhí curtha ar bun faoi na nóchaidí agus baint mhór ag inimircigh Éireannacha leo. Tá an Ghaeilge áirithe mar 'theanga oidhreachta' in Ontario. Ina theannta sin, tá Gaeltacht Bhuan Mheiriceá Thuaidh ann, áit a mbíonn Seachtain na Gaeilge agus Oireachtas Gaeilge Cheanada ar siúl.

Tagann roinnt teagascóirí chun Ceanada gach bliain chun Gaeilge a mhúineadh sna hollscoileanna úd a bhaineann leis an Ireland Canada University Foundation. Tugann ceapachán den chineál seo deis do scoláire post a fháil mar ollamh cuairte in ollscoil Ceanadach ar feadh bliain acadúil, agus is sonrach an liosta é:

- University of St. Michael's College, University of Toronto, Ontario
- University of Toronto, Ontario Concordia University
- St. Francis Xavier University, Antigonish, Nova Scotia
- St. Mary's University, Halifax, Nova Scotia
- St. Thomas University, Fredericton,
- New Brunswick Memorial University
- St. John's, Newfoundland University of Ottawa, Ontario

Tá an méid sin le moladh, ach mar a deir an scoláire Jonathan Giles i staidéar a rinne sé ar an scéal, is annamh a labhraíonn Gaeilgeoirí Cheanada an teanga lena gclann; teanga daoine aonair í.<sup>2</sup> Béarla nó Fraincís atá mar ghnáth-theanga ag formhór mór na ndaoine a bhfuil dúil acu sa Ghaeilge, agus an té arb áil leis an teanga a labhairt caithfidh sé taisteal a dhéanamh, más ag tarraingt ar rang dó nó ag freastal ar thumócáidí.

Déanann Giles tagairt do 'the hybrid and heterogeneous nature of the diaspora' agus é ag plé aidhmeanna difriúla na bhfoghlaimeoirí. Déarfadh a bhformhór gur ó dhúchas atá siad ag tabhairt faoin teanga: comhartha í ar oidhreachta áirithe, agus is minic Gaeilgeoirí Cheanada agus lucht Gaeilge ó Éirinn ag dul i gcomhar le chéile. Murach sin, bheadh na Ceanadaigh ag brath ar inimircigh le Gaeilge (nach bhfuil an oiread sin acu ann) nó ar sheachadadh ó ghlúin go glúin (agus gan ach dáréag teaghlach nó mar sin ag iarraidh clann a thógáil le Gaeilge).

Is í buaic an tionscadail teanga seo Gaeltacht Bhuan Thuaisceart Mheiriceá agus tacaíocht á fáil aici ó Ghaeilgeoirí i gCeanada, sna Stáit agus in Éirinn. Níl cainteoirí Gaeilge ina gcónaí ann; áit chuairte agus chomhdhála í. Soiléiríonn sí, mar áit nó mar aisling, leagan éigin den Ghaelachas a bhfuil dlúthbhaint aige leis an

<sup>2</sup> Jonathan Giles. 'The Call of the Wild Geese: An Ethnography of Diasporic Irish Language Revitalization in Southern and Eastern Ontario': <http://ir.lib.uwo.ca/cgi/viewcontent.cgi?article=2973&context=etd>

Athbheochanas in Éirinn. Tá sé in ann (mar a deir Giles) tairbhe a bhaint as siombaileachas rómánsach Ghaeltacht na hÉireann, áit a gcuirtear saibhreas teanga agus cultúir ina leith ach atá ag meath gan mhoill i ndáiríre: rud a fhágann gur fearr atá ag éirí le Gaeltacht Ontario ná mar atá lena heiseamláir.

Tá díograis ar leith i lucht Gaeilge Cheanada agus tús áite tugtha acu don teanga seachas don rince agus don cheol (cé nach ndéantar neamart iontu sin). Tá a straitéis teanga féin acu agus spriocanna áirithe ag roinnt léi: leibhéal A de Theastas Eorpach na Gaeilge (TEG) a bheith bainte amach ag 500 duine ar a laghad, mar shampla, agus an Ghaeilge a bheith le cloisteáil mar rud nádúrtha ag ócáidí Éireannacha i gCeanada.

Is fiú scéal na Gaeilge i gCeanada a chur i gcomórtas le staid na teanga san Astráil. Tá timpeall 21,500,000 duine ina gcónaí san Astráil agus sinsir Éireannacha ag timpeall 10% díobh. I gCeanada tá timpeall 33,500,000 duine agus de shliocht Éireannach timpeall 14% díobh. Tá gréasán na nGaeilgeoirí níos lú agus níos laige san Astráil agus níl fáil acu ar an méid airgid a chuir ar chumas na gCeanadach an Ghaeltacht Bhuan a chur ar bun. Níl ach ollscoil amháin san Astráil (Ollscoil Sydney) a bhfuil Gaeilge á múineadh ann, as trí cinn is daichead. Os a choinne sin, tá bailiúchán mór d'ábhar Gaeilge i dtaisce ag Coláiste Newman, cuid d'Ollscoil Melbourne, agus tóir ag scoláirí air. I Melbourne freisin tá obair liteartha ar siúl agus taighde á dhéanamh ar stair na teanga san Astráil (agus, ar ndóigh, as Melbourne a thagann *An Lúibín*). Is deacair, mar sin féin, gan iontas a dhéanamh de dhíograis na gCeanadach, agus má tá léiriú ag teastáil, féach an fógra thíos faoin gcomórtas liteartha atá idir lámha ag Oireachtas Gaeilge Cheanada.

Tá difríocht shuntasach, áfach, idir Gaeilgeoirí Cheanada agus a leithéidí san Astráile: ba dhóigh leat go samhlaíonn na Ceanadaigh an Ghaeilge le dúchas na hÉireann amháin. Tugtar cainteoirí Gaeilge ó Éirinn chun an teanga a neartú in Ontario agus déanann Oireachtas Cheanada aithris ar Oireachtas na hÉireann. Ní fada an an dá thír ó chéile in aois seo an eitleáin. Ach is giorra go mór an Astráil d'oirdheisceart na hÁise ná don Eoraip. Fágann na mílte míle slí úd idir an Astráil agus Éire a rian ar an intinn agus ar an gcroí: cuimhníonn a lán de Ghaeilgeoirí na hAstráile ar an teanga mar a chuimhníonn siad ar an mBéarla – mar theanga de chuid a dtíre féin.

Tá an bua ag an Astráil ar bhealach neamhchoitianta agus dhá scannán déanta ag Astrálaigh a bhfuil roinnt mhór Gaeilge iontu. Rinne Jonathan Auf Der Heide 'Van Diemen's Land' (2009), scannán faoi dhrong daoránach sa Tasmáin sa bhliain 1822 agus Gaeilge mar ghnáthchaint ann. (Féach an réamhfhógra anseo: <https://www.youtube.com/watch?v=FfIJG71FpCw>.) Rinne Paula Kehoe 'Dubh ina Gheal,' scannán faisnéise do TG4 faoin caidreamh casta idir Éireannaigh agus Bundúchasaigh. I Melbourne a rugadh Paula, agus is é an file Louis de Paor (a chaith tamall de bhlianta san Astráil) an láithreoir.


Ag seo roinnt podchraoltaí ó Raidió na Life faoin nGaeilge i gCeanada:

\* <http://pod.raidionalife.ie/fairsing240315.mp3>

\* <http://pod.raidionalife.ie/fairsing240215.mp3>

\* <http://pod.raidionalife.ie/fairsing140415.mp3>





## COMÓRTAS LITEARtha: OIREACHTAS GAeilGE CHEANADA

**Spriodhata Taiscthe:** 30 Bealtaine 2015

**Catagóirí:**

### Údar Cheanadach

[ábhar ar bith]

- Aiste
- Aistriúchán
- Ábhar Múinteoireachta
- Dráma
- Eolaíocht
- Filíocht
- Gearrscéal
- Úrscéal

### Údar Neamh-Cheanadach

[ábhar Cheanadach]

- Aiste
- Aistriúchán
- Ábhar Múinteoireachta
- Dráma
- Eolaíocht
- Filíocht
- Gearrscéal
- Úrscéal

**Duaiseanna:** Le bronnadh ag Oireachtas Gaeilge Cheanada, 28 Meitheamh 2015

**Clárú:** <http://oireachtas.ca/Entry%20%20forms/Literature%20forms/Foirm.2015.pdf>

**Tuilleadh Eolais:** Aralt, kenny-h@rmc.ca

**Suíomh Gréasáin Oireachtas Gaeilge Cheanada:** [www.oireachtas.ca](http://www.oireachtas.ca)



### **Mochuda nó Cárthach: naomh Muimhneach san Astráil**

Tugtar Carthagus air i Laidin, agus 'Carthage' i mBéarla; thugadh an chosmhuintir Mochuda air. Sa séú haois a rugadh é agus tá sé ina phátrún ar thimpeall dhá eaglais déag san Astráil agus sa Nua-Shéalainn. Tá a ainm le fáil i liodán Gaeilge i lámhscríbhinn a bhreac an scríobhaí Dáibhí de Barra ó Chontae Chorcaí sa bhliain 1833 agus atá anois i Leabharlann Stáit Victoria.

Tá sé áitithe gur bhain Mochuda le dream ar mhian leo cloí le gnásanna Rómhánacha i gcúrsaí creidimh (maidir le dáta na Cásca go háirithe), agus gur bhain sé le líne naomh a d'fhág clú de chineál ar leith ar Lios Mór. Deir a bheathaisnéis Laidine gur tairngríodh a bhreith agus a cháil. Bhí slua daoine, idir mhna agus fhit, cruinnithe i

gCiarraí nuair a chonaic siad cruinnmheall tine ag teacht anuas ó neamh ar cheann mháthair an naoimh agus é sa bhroinn go fóill:

*Aliquando collectis multis in uno loco in regione Chiaraigi ex utroque sexu, visus est globus igneus descendens de celo super caput matris sancti Carthagi, ipso in utero tunc illius manente; et evanuit cicius, nichil nocens.*

Rugadh é i gCiarraí timpeall na bliana 555. Deirtear gur chaith sé tamall mar mhúicí in aice le Caisleán na Mainge. Ach níorbh fhéidir a naofacht a shéanadh agus faoi dheireadh rinneadh sagart de. Tar éis roinnt eachtraí bhunaigh sé mainistir ag Raithean in Uíbh Fhailí. Tá an scéal ag Seáfraidh Céitinn in *Foras Feasa ar Éirinn* (Leabhar II, caibidil XIII):

*Iar ndul iomorro do Mhochuda a Ciarraidhe ar oilithre go Rathain, do rinne mainistir ann [timpeall na bliana 590] agus do chuir comhthionól manach san mainistir, go rabhadar deichnmiúr is seacht gcéad manach ina fhochair ann do bheireadh a mbeatha chomh cráifeach agus sin as go mbíodh aingeal ag labhairt leis an treas manach díobh, ionas go dtáinig de sin gur fhás clú is oireacas mór naofachta ar chomhthionól Raithne. Uime sin, do ghabh uréad naoimh chlainne Néill, is do chuireadar scéal go Mochuda dá fhógairt dó Rathain do thréigean agus triall dá dhúiche féin, .i. don Mhumhain [sa bhliain 635].*

Thug na manaigh dhoicheadhach úd (naoimh chlainne Néill) an taoiseach Bláthmhac ar a dtaobh. D'éirigh le Mochuda cairde trí bliana a fháil sular díbríodh é agus ní le fonn a d'imigh sé:

*Dála Bhláithmhic, do chuaigh go bhfoireann leis don mhainistir, is chuir sé lámh i Mochuda, agus thug sé go heasaontach as an mainistir amach é, mar aon lena choimhthionól. Mhallaigh iomorro Mochuda Bláthmhac. Thriall iomorro Mochuda as sin mar aon lena choimhthionól manach ag déanamh feart is míorúiltí go ráinig na Déise; agus ar rochtain ansin dó, tháinig rí na nDéise ona choinne is thug cádhas is onóir dó is do thiomain a chorp is a anam ar a choimirce; agus thrialladar mar aon go Dún Scinne le' ráidhtear Lios Mór inniu. Chónaigh Mochuda is a choimhthionól ansin is do rinne eaglais ann ionas go raibh an áit sin onórach iomráiteach i gcrábhadh is i bhfoghlaim ó shin i leith.*

Fuair sé bás ar 14 Bealtaine 637 agus is é an lá sin a lá féile anois. Tá leid nó dhó i scéal a bheatha a chuirfeadh in iúl go gur fhéad sé a bheith ceanndána agus colgach, mar a bhí a lán naomh eile. Cuireadh a lán míorúiltí ina leith, mar a deirtear thuas, agus seo cuntas ar cheann acu as 'Betha Mo Chuda':

*Feachtas do Mochuda<sup>3</sup> ag urnaí ina aonar, do chonaic sé neach ar a bhéalaibh<sup>4</sup> arbh ainm dó Maghas agus a dúirt leis go hamhrasach: 'Tabhair,' ar sé, 'duilliúr ar an abhail<sup>5</sup> sin atá i d'fharradh'. Do ghearr sé [i.e. Mochuda] comhartha na croise thar an abhail go raibh sí faoi dhuilliúr go huile. 'B'áillede bláth uirthi,' ar Maghas. Do rinne sé an bláth mar a dúradh leis. 'B'fhéarr go mbeadh sí beo le húllaibh,<sup>6</sup> ar Maghas. Do rinne sé é sin go raibh sí lánthorthúil d'úllaibh. 'B'fhéarr go mbeidís aibí,' ar Maghas, 'chun go n-íosfaimis iad'. Do fíoradh é sin, go rabhadar ina n-aon chith amháin ar lár ar bhéalaibh na habhla. Thóg Maghas úll á thomhailt<sup>7</sup>, mar ba bhreá leis ar a méid agus ar a n-áilleacht iad; agus níor fhéad sé iad a thomhailt ar a shearbhas. 'B'fhéarr gan iad a thabhairt agus an searbhas atá leo.' Do bheannaigh sé [i.e. Mochuda] ansin iad go raibh blas meala orthu. D'imigh Maghas ansin agus é dallta ag briathar Mochuda go ceann bliana ar an amhras a ghabh sé de; gur tháinig sé faoi bhreith Mochuda i bhfoirceann na bliana, gur shlán dá dhaille<sup>8</sup> iar n-umhla agus aithrí dó, gur mhanach dó<sup>9</sup> céin a bhí sé<sup>10</sup> i mbeatha. Do móradh ainm De agus Mochuda de, agus i Mí Mháirta a rinneadh na rudaí sin.*

**Beidh Mochuda á cheiliúradh Dé Domhnaigh 24 Bealtaine in Eaglais Naomh Cárthach (St Carthage's), Parkville, Melbourne.** Léifear an liodán i nGaeilge agus cloisfear dánta, amhráin agus seanleaganacha scéal an

<sup>3</sup> Feachtas do Mochuda - uair amháin nuair a bhí Mochuda

<sup>4</sup> Ar a bhéalaibh – os a chomhair amach

<sup>5</sup> Abhail, g. abhla – crann úll

<sup>6</sup> 'Ba ferr gomadh 'na ubhlaibh forbiadh'

<sup>7</sup> Tomhailt - ithe

<sup>8</sup> Gur shlán dá dhaille – gur slánaíodh a dhaille

<sup>9</sup> Gur mhanach dó – go raibh sé ina mhanach

<sup>10</sup> Céin a bhí sé – fad is a bhí sé

naoimh. Cuirfear eolas ar fáil de réir mar is cuí, agus beidh bolgam le fáil i ndiaidh na hócáide. Baileofar airgead chun an costas a íoc.

**Le léamh:**

Seathrún Céitinn, *Foras Feasa ar Éirinn*, Athnua 2 (eag. Pádraig de Barra), Foiseacháin Náisiúnta Tta. 1983; agus eagrán CELT: <http://www.ucc.ie/celt/published/G100054/index.html>.

'Betha Mo Chuda' (leagan de chuid an 17ú haois) in *Beathada Náemh nÉrenn*:  
<http://www.ucc.ie/celt/published/G201000/index.html>. (Litríú athchóirithe a úsáidtear anseo.)

'Vita Sancti Carthagi' in *Vita Sanctorum Hiberniae: partim hactenus ineditae*:  
[http://archive.org/stream/vita-sanctorum-hi01-plumuoft/vita-sanctorum-hi01-plumuoft\\_djvu.txt](http://archive.org/stream/vita-sanctorum-hi01-plumuoft/vita-sanctorum-hi01-plumuoft_djvu.txt)

**Constant J. Mews : 'The flight of Carthach (Mochuda) from Rahan to Lismore: lineage and identity in early medieval Ireland,'** *Early Medieval Europe*, **Volume 21, Issue 1**, pages 1–26, February 2013:  
<http://onlinelibrary.wiley.com/doi/10.1111/emed.12007/abstract>



**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au) .*

## Leaganacha simplithe

### An Ghaeilge: moltaí agus feidhmiú

Tá Bille na dTeangacha Oigiúla 2014 á phlé in Éirinn. Tá sé ann chun Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a fheabhsú. Tá roinnt moltaí déanta ag Conradh na Gaeilge ina thaobh:

\* Ba cheart dualgas a chur ar chomhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge sa Ghaeltacht agus ar fud na tíre.

\* Ba cheart fáil réidh leis na scéimeanna teanga atá ann anois. Tá siad gan éifeacht. Ba chóir an obair a dhéanamh le rialacháin reachtúla.

\* Ba cheart d'Oifig an Choimisinéara Teanga suil a choinneáil ar fheidhmiú na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030. (Straitéis í a cuireadh ar bun chun an Ghaeilge a neartú ar fud na tíre.)

Deir Julian de Spáinn, Uachtarán an Chonartha, go gcaithfear níos mó scoileanna lán-Ghaeilge nua a bhunú gan mhoill agus go gcaithfear curaclam speisialta a sholáthar do chainteoirí dúchais. Deir sé gur ceart ligean do mhúinteoirí faoi oiliúint breis ama a chaitheamh sa Ghaeltacht. Chuirfeadh sé sin feabhas ar chaighdeán na Gaeilge sna gaelscoileanna.

Tá roinnt tuairimí fágtha gan scrúdú anseo. Ní féidir talamh slán a dhéanamh de go mbeidh toradh ar an Straitéis 20 Bliain. Tá an Ghaeilge an-lag sa Ghaeltacht. Níl mórán páistí á dtógáil le Gaeilge ann. Is minic gur fearr le cainteoirí líofa sa Ghaeltacht Béarla a labhairt le daoine gan líofacht.

Mar sin féin, tá dul chun cinn déanta. Tá Gaeilge á húsáid i réimsí nua. Tá clár in Ollscoil Bhaile Átha Cliath a dtugtar Fiontar air, agus múineann sé airgeadas, ríomhaireacht agus fiontraíocht trí Ghaeilge.

Sna Stáit Aontaithe tá scéim malartú múinteoirí Gaeilge ann. Téann deich múinteoir ann ó Éirinn gach bliain.

Ní mór an líon daoine atá i gceist ach tá an líon sin ag dul i méid. Tá buntáistí ag baint le Gaeilge a fhoghlaim ag an tréimh léibhéal maidir le poist, le deiseanna taighde agus eile.

### An Ghaeilge i gCeanada (1)

Thug na hÉireannaigh a dteanga leo chun Ceanada chomh luath leis an 17ú haois. Sa 19ú haois tháinig i bhfad níos mó acu. B'fhéidir go raibh dhá chéad míle Éireannach ag labhairt Gaeilge i gCeanada ag an am. Minic go leor bhí an teanga ag a gclann. In áiteanna áirithe bhí Gaeilge á labhairt anuas go dtí an chéad chuid den fichiú haois.

Rinne roinnt daoine iarracht ar an teanga a choinneáil beo. An athbheochan atá ar siúl anois in Ontario thosaigh sí sna 1980í in Toronto. Tá gréasán Gaeilgeoirí ann anois ina lán cathracha, fiú in Montréal. Tagann roinnt teagascóirí chun Ceanada gach bliain chun Gaeilge a mhúineadh sna hollscoileanna.

Tá éagsúlacht mhór ag baint leis na foghlaimeoirí. Foghlaimíonn siad an teanga ar chúiseanna difriúla, ach foghlaimíonn an chuid is mó acu í toisc gur de shliocht Éireannach iad..

Is é an chuid is tábhachtaí den tionscadal Gaeltacht Bhuan Thuaisceart Mheiriceá in Ontario. Is áit í a dtagann Gaeilgeoirí le chéile ann. Tá sé ráite go mbaineann sé tairbhe as siombaileachas rómánsach Ghaeltacht na hÉireann.

Má chuirimid staid na Gaeilge i gCeanada i gcomórtas le staid na teanga san Astráil, feicimid go bhfuil gréasán na nGaeilgeoirí i gCeanada níos láidre agus go bhfuil níos mó acmhainní acu. Níl ach ollscoil amháin san Astráil (as trí cinn is daichead) a bhfuil Gaeilge á mhúineadh ann. Tá difríocht eile idir Gaeilgeoirí Ceanada agus a leithéidí san Astráil. Samhlaíonn na Ceanadaigh an Ghaeilge le dúchas na hÉireann amháin. Cuimhníonn a lán Gaeilgeoirí Astrálacha uirthi mar theanga de chuid a dtíre féin.